Doiciméad Comhairliúcháin

Dréacht-Rialacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta an BAI (Teorainneacha in aghaidh an Lae agus in aghaidh na hUaire)

Údarás Craolacháin na hÉireann
2-5 Plás Warrington,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Broadcasting Authority of Ireland
2-5 Warrington Place
Dublin 2, Ireland

T: +353 (0)1 6441200
F: +353 (0)1 6221299

info@bai.ie
www.bai.ie

Achoimre

Baineann an comhairliúchán seo le **Rialacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta an BAI (Teorainneacha in aghaidh na hUaire agus in aghaidh an Lae)**. Sonraíonn na rialacha sin uasmhéid na fógraíochta agus na teilishiopadóireachta a cheadaítear, in aghaidh an lae agus in aghaidh na huaire, ar chainéil raidió agus teilifíse Éireannacha. Tá an comhairliúchán seo ag lorg do chuid tuairimí ar athbhreithniú atá á mholadh ar na rialacha sin a mhéadódh uasmhéid na fógraíochta a cheadaítear in aghaidh an lae agus in aghaidh na huaire ar sheirbhísí teilifíse tráchtála neamhspleácha Éireannacha e.g. TV3, Setanta Ireland, City Channel. Faoi lathair, is é 10 nóiméad an t-uasmhéid fógraíochta a cheadaítear san uair ar na seirbhísí sin agus níl sé ceadaithe do níos mó ná 15% den lá iomlan craoltóireachta a chaitheamh ar fhógraíocht. Ardóidh sé sin go dtí uasmhéid de 12 nóiméad san uair agus 20% in aghaidh an lae má ghlactar leis na dréach-rialacha atá leagtha amach sa doiciméad seo.

Tá tuairimí an phobail agus leas-sealbhóirí a bhfuil spéis acu sna moltaí sin anois á n-éileamh. Is féidir tuairimí a chur isteach i scríbhinn ar na bealaí seo a leanas:

- Ba chóir freagairtí **R-phoist** a sheoladh chuig: **- straynor@bai.ie**
- Ba chóir freagairtí **poist** a sheoladh chuig:-

  Sarah Traynor,
  Dréacht-Rialacha an BAI i dtaobh Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta,
  Údarás Craolacháin na hÉireann,
  2-5 Plás Warrington,
  Baile Átha Cliath 2.

Ba chóir do fhreagróirí ainm agus sonraí teagmhála an fhreagróra, e.g. seoladh ríomhphoist, a thabhairt. Ní chuirfear sonraí teagmhála ar fáil don phobal.

Is é **5 pm, De hAoine 9 Iúil** an sprioc-am le haghaidh freagairtí a fháil agus ní bhreithneofar aighneachtaí a fhaightear tar éis an dáta sin.

1. Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI)

Eagraíocht reachtúil neamhspleách is ea Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) atá freagrach as líon príomhréimsí gníomhaíochta i dtaca le seirbhísí teilifíse agus raidió in Éirinn. Den chuid is mó is é an t-Acht Craolacháin 2009 (Acht na bliana 2009) a thugann treoir do shaothar an BAI. I dteannta réimse feidhmeanna agus freagrachtaí nua a áirítear iad in Acht na bliana 2009, tá an obair a rinne Coimisiún Craolacháin na hÉireann agus an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin roimhe seo comhshnaidhmthe i bhfreagrachtaí an BAI.

Áirítear in Acht na bliana 2009 réimse spriocanna agus feidhmeanna a bhfuil dualgas ar an BAI iad a chomhlíonadh. Ina measc tá an ceangaltas cóid agus rialacha craolacháin a fhorbairt. I measc na bhforálacha in Acht na bliana 2009 atá ábhartha maidir leis an gcomhairliúchán seo tá:

- **Alt 26(e)** a éilíonn ar an BAI cóid agus rialacha craolacháin a ullmhú nó a dhéanamh;

- **Alt 43(1) (a) agus (b)** a éilíonn ar an BAI rialacha a fhorbairt maidir leis an uasmhéid fógraíochta agus teilishiopadóireachta a cheadófar in aghaidh na huaire agus in aghaidh an lae ar sheirbhísí raidió agus teilifíse in Éirinn;

- **Alt 43(4)** a éilíonn ar an BAI na ceangaltais atá sa Treoir Eorpach um Sheirbhísí Meán Closamhairc (AVMS) a chomhlíonadh;

- **Alt 44** a éilíonn ar an BAI dréacht-chóid agus dréacht-rialacha a ullmhú agus iad sin a chur ar fáil don phobal lena scrúdú. Tá dualgas ar an BAI aon aighneachtaí a chuirtear faoina bhráid maidir le hábhar na ndréachtaí a mheas sula gcuirtear na cóid nó na rialacha i gcríoch.

Tá an próiséas comhairliúcháin seo á dhéanamh de réir na n-oibligeáidí agus na bhfeidhmeanna reachtúla sin.

2. Na Rialacha Reatha i dtaobh Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta (Teorainneacha in aghaidh an Lae agus in aghaidh na hUaire)

Tugtar na sonraí i dtaobh na dteorainneacha ar an uasmhéid fógraíochta agus teilishiopadóireachta a cheadaítear ar sheirbhísí neamhspleácha raidió agus teilifíse in Éirinn i **Rialacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta an BAI (Teorainneacha in aghaidh an Lae agus in aghaidh na hUaire)**. Forbraíodh na rialacha sin de réir cheangaltas Alt 43 d'Acht na bliana 2009.[1]

Tá feidhm leis na rialacha i dtaobh seirbhísí raidió agus teilifíse tráchtála, pobail, institiúide agus sealadacha laistigh de dhlínse Phoblacht na hÉireann e.g. TV3, Setanta Ireland, Today FM, South East Radio, Connemara Community Radio. Ní bhaineann na rialacha leis na seirbhísí raidió agus teilifíse a chuireann na craoltóirí seirbhíse poiblí, RTÉ agus TG4 nó le seirbhísí raidió agus teilifíse a fhaightear go coitianta i bPoblacht na hÉireann ach atá ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe nó i ndlínsí eile e.g. UTV, Channel 4 agus SKY 1.

3. Comhairliúchán i dtaobh Teorainneacha Fógraíochta ar Theilifís Tráchtála

Go dtí le déanaí, bhí an méid fógraíochta a cheadófaí ar chainéil teilifíse tráchtála neamhspleácha, ceadúnaithe in Éirinn agus dírithe ar lucht féachana in Éirinn, srianta ag reachtaíocht na hÉireann go dtí deich nóiméad in aghaidh na huaire agus 15% in aghaidh an lae. Léiríonn **Rialacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta an BAI (Teorainneacha in aghaidh an lae agus in aghaidh na huaire)** mar atá faoi lathair na teorainneacha 10 nóiméad agus 15% sin. Tá na teorainneach sin faoin uasmhéid de 12 nóiméad a cheadaítear de réir reachtaíocht na hEorpa mar atá leagtha amach sa Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc ('an Treoir AVMS').[2]

[1] http://www.bai.ie/pdfs/rulesonadtelelimits_vfinal.pdf

[2] Is í seo an Treoir Eorpach a leagann amach na príomh-phrionsabail agus rialacha a bhfuil sé de dhualgas ar chraoltóirí teilifíse san AE iad a chomhlíonadh, ina measc rialacha maidir leis an uasmhéid fógraíochta a cheadaítear in aghaidh na huaire.

Le déanaí, chuir Acht na bliana 2009 deireadh leis na teorainneacha 10 nóiméad in aghaidh na huaire agus 15% in aghaidh an lae in Éirinn do sheirbhísí teilifíse tráchtála neamhspleácha Éireannacha. Tugann an tAcht an chumhacht freisin don BAI cead a thabhairt do na cainéil teilifíse sin suas go dtí an t-uasmhéid sin de 12 nóimead in aghaidh na huaire a chraoladh mar a cheadaítear de réir reachtaíocht na hEorpa. Is ionann sin agus 20% in aghaidh an lae.

Tá an BAI den tuairim gur am oiriúnach é seo chun **Rialacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta an BAI (Teorainneacha in aghaidh an lae agus in aghaidh na huaire)** a leasú, i bhfianaise an mhaolaithe ar na srianta i dtaobh an uasmhéid fógraíochta a cheadaítear, chun níos mó fógraíochta a cheadú in aghaidh na huaire agus chun an teorainn in aghaidh an lae a mhéadú. Tá an hathruithe sin sonraithe i **Riail 1.1** de na dréacht-rialacha atá áirithe thíos san aguisín atá leis an doiciméad seo. Tá cinneadh an BAI tacú le méadú ar an méid fógraíochta a cheadaítear in aghaidh na huaire agus in aghaidh an lae ar sheirbhisí teilifíse tráchtála neamhspleácha ceadúnaithe in Éirinn agus dírithe ar lucht féachana in Éirinn curtha ar an eolas ag an méid seo a leanas:-

i) Oibríonn an earnáil teilifíse tráchtála neamhspleách in Éirinn i dtimpeallacht atá thar a bheith iomaíoch. I dteannta na hiomaíochta laistigh den earnáil teilifíse neamhspleách agus na hiomaíochta leis na seirbhísí teilifíse poiblí, tá sí san iomaíocht leis na cainéil teilifíse tráchtála atá ar fáil in Éirinn ach atá ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe e.g. Comedy Central, Sky 1. Níos mó agus níos mó, tá fógraíocht á díol ag na cainéil sin ón Ríocht Aontaithe i margadh na hÉireann agus iad ag díriú go sonrach ar lucht féachana in Éirinn. Déantar é sin trí fhógraíocht scar-rogha, lena bhfeiceann lucht féachana in Éirinn fógráin le haghaidh gnólachtaí Éireannacha agus lena bhfeiceann lucht féachana sa R.A. fógráin le haghaidh gnólachtaí sa R.A. le linn sosanna fógraíochta. Mar sin, tá cainéil teilifíse Éireannacha san iomaíocht le cainéil sa Ríocht Aontaithe chun fógraíocht a dhíol le gnólachtaí in Éirinn.

De réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, tá sé ceadaithe do na cainéil sin suas go dtí uasmhéid de 12 nóiméad fógraíochta in agaidh na huaire a dhíol. Sa chomhthéacs sin, tá an BAI den tuairim gur chóir go mbeadh cead ag cainéil teilifíse tráchtála neamhspleácha in Éirinn suas go dtí 12 nóiméad fógraíochta in aghaidh na huaire agus suas go dtí 20% in aghaidh an lae a dhíol lena chinntiú gur féidir leis an earnáil teilifíse in Éirinn iomaíocht a dhéanamh go cothrom agus go héifeachtúil lena cuid iomaitheoirí sa mhórearnáil teilifíse tráchtála neamhspleách san Eoraip.

ii) Tá caillteanais suntasacha ioncaim fulaingthe ag tionscal na meán in Éirinn le dhá bhliain anuas mar gheall ar an gcor chun donais i ngeilleagar na tíre agus an laghdú mar thoradh air sin ar an ioncam tráchtála. Dá bharr sin, bhí ar an earnáil teilifíse in Éirinn, an earnáil teilifíse tráchtála neamhspleách san áireamh, a gcuid costas a chiorrú go suntasach, a raibh laghduithe ar líon na gclár urnua, agus ar leibhéil foirne agus tuarastail mar thoradh air. Tá an BAI den tuairim go gcabhróidh na méaduithe ar na teorainneacha fógraíochta atá á moladh le fostaíocht in Éirinn a spreagadh agus a chosaint agus go gcothóidh sé lánas na gclár Éireannach.

Aithníonn an BAI go bhfuil tionchar ag an iomaíocht ó sheirbhísí teilifíse ón Ríocht Aontaithe, i dteannta na gcúinsí eacnamaíochta atá ann faoi láthair, ar chraoltóirí eile seachas ar an earnáil teilifíse tráchtála neamhspleách. Níl aon chúram ar an BAI, áfach, i dtaca leis na teorainneacha fógraíochta a leagtar síos do chraoltóirí seirbhíse poiblí ná níl aon saoirse reachtúil aige an t-uasmhéid fógraíochta a cheadaítear in aghaidh na huaire agus in aghaidh an lae a mheadú ar raidió tráchtála. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcomhairliúchán seo aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha in aghaidh na huaire agus in aghaidh an lae ar an bhfógraíocht a cheadaítear ar na seirbhísí sin.

4. Ceisteanna Comhairliúcháin

I bhfianaise an mholta go méadófaí an t-uasmhéid fógraíochta a cheadaítear ar theilifís tráchtála neamhspleách ó 10 nóiméad go dtí 12 nóiméad in aghaidh na huaire agus ó 15% go dtí 20% in aghaidh an lae, tá do chuid tuairimí á lorg ag an BAI i dtaobh na gceisteanna comhairliúcháin seo a leanas:-

- Céard í do thuairim maidir leis an moladh atá sna dréacht-rialacha go méadófaí an méid fógraíochta a cheadaítear in aghaidh na huaire do chraoltóirí teilifíse tráchtála ón uasmhéid de 10 nóiméad in aghaidh na huaire atá i bhfeidhm faoi láthair suas go dtí 12 nóiméad in aghaidh na huaire?

- Céard í do thuairim maidir leis an moladh atá sna dréacht-rialacha go méadófaí an méid fógraíochta a cheadaítear do chraoltóirí teilifíse tráchtála ón uasmhéid de 15% an aghaidh an lae atá i bhfeidhm faoi láthair suas go dtí 20% in aghaidh an lae?

- An bhfuil aon tuairimí agat i dtaca le reasúnaíocht an BAI maidir leis an uasmhéid fógraíochta a cheadaítear in aghaidh na huaire agus in aghaidh an lae a mhéadú?

- An bhfuil aon tuairimí eile gur mian leat a chur in iúl mar gheall ar an gcomhairliúchán seo agus/nó mar gheall ar na dréacht-rialacha?

5. Freagairtí

Ba chóir freagairtí ar an gcomhairliúchán a chur ar fáil i scríbhinn. Bá chóir freagairtí ríomhphoist a sheoladh chuig:- **straynor@bai.ie.**

Ba chóir freagairtí tríd an bpost a sheoladh chuig:-

Sarah Traynor,
Dréacht-Rialacha Fógraiochta agus Teilishiopadóireachta an BAI,
Údarás Craolacháin na hÉireann,
2-5 Plas Warrington,
Baile Átha Cliath 2.

Ba chóir do fhreagróirí ainm agus sonraí teagmhála an fhreagróra ar an gcomhairliúchán a chur san áireamh e.g. seoladh ríomhphoist. Ní chuirfear na sonraí teagmhála ar fáil don phobal.

Is é **5pm, Dé hAoine 9** Iúil an sprioc-am le haghaidh freagairtí agus ní bhreithneofar aon aighneachtaí a fhaightear tar éis an dáta sin.

6. Saoráil Faisnéise

Próiséas comhairliúcháin poiblí is ea é seo agus tar éis don BAI aighneachtaí a bhreithniú, beidh an fhaisnéis ar fad a cuireadh isteach ar fáil go poiblí ar iarratas. D'fhéadfadh gnéithe áirithe ded' aighneacht a bheith ann, áfach, gur mian leat iad a dhéanamh faoi rún. Más é sin an cás mar atá agatsa, ba chóir duit aon fhaisnéis nach mian leat go nochtófaí í go poiblí a chur in iúl agus bá chóir duit na cúiseanna go bhfuil sí faoi rún nó lena íogaireacht tráchtála a shonrú.

Beidh comhaontuithe idir an BAI agus freagróirí ar an gcomhairliúchán maidir le faisnéis atá faoi rún gan dochair d'oibligeáidí an BAI faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise, (Leasú) 2003. Má fhaigheann an BAI aon iarratas ar fhaisnéis a cuireadh faoina bhráid faoi rún, rachfar i gcomhairle leatsa sula ndéanfar aon chinneadh.

Aguisín

DRÉACHT-RIALACHA FÓGRAÍOCHTA AGUS TEILISHIOPADÓIREACHTA AN BAI (TEORAINNEACHA IN AGHAIDH AN LAE AGUS IN AGHAIDH NA hUAIRE)

1. Réamhrá

Éilíonn Alt 43(1) den Acht Craolacháin, 2009, ar Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) rialacha a ullmhú agus a athmheas ó am go ham de réir riachtanas na hócáide maidir leis na nithe seo a leanas:-

(a) na hamanna iomlána in aghaidh an lae a lamhálfar chun fógrain agus bunábhar teilishiopadóireachta a tharchur ar sheirbhís craolacháin, maidir le conradh faoi *Chuid 6,*

(*b*) an tréimhse uasta a lamhálfar in aon uair an chloig áirithe chun fógráin agus bunábhar teilishiopadóireachta (de réir bhrí *alt 42(8)*) a tharchur ar sheirbhís craolacháin den sort sin, agus féadfaidh an tÚdarás rialacha éagsúla den sort sin a dhéanamh maidir le haicmí éagsúla seirbhíse craolacháin.

Forbraíodh **Rialacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta an BAI (Teorainneacha in aghaidh an Lae agus in aghaidh na hUaire)** de réir an cheanglais reachtúil sin.

2. Dlínse

Tá feidhm ag **Rialacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta an BAI (Teorainneacha in aghaidh an Lae agus in aghaidh na hUaire)** i dtaobh craoltóirí áirithe raidió agus teilifíse laistigh de dhlínse Phoblacht na hÉireann. Go praiticiúil, áirítear leis sin seirbhísí raidió agus teilifíse tráchtála, seirbhísí raidió agus teilifíse pobail chomh maith le seirbhísí raidió sealadacha agus institiúide. Níl feidhm ag na rialacha seo maidir le seirbhísí a sholáthraíonn na craoltóirí seirbhíse poiblí RTÉ agus TG4 ná níl aon fheidhm acu i dtaca le seirbhísí eile a fhaightear iad go coitianta sa tír seo ach atá ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe nó i ndlínsí eile.

3. Sainmhínithe

Fógraíocht
Íomhánna a bhfuil nó nach bhfuil fuaim iontu agus fógraí raidió a chraoltar, bíodh sé ar son íocaíochta nó ar son comaoine den chineál sin nó a chraolann gnólacht phoiblí nó príobháideach nó duine nádúrtha chun iad féin a chur chun cinn i dtaca le ceird, gnó, ceardaíocht nó gairm chun soláthar earraí nó seirbhísí a chur chun cinn, lena n-áirítear réadmhaoin dochorraithe, cearta agus oibligeáidí, ar son íocaíochta.

Teilishiopadóireacht
Tairiscint díreach a chraoltar don phobal chun táirgí nó soláthar seirbhísí lena n-áirítear réadmhaoin dochorraithe, cearta agus oibligeáidí, a dhíol, a cheannach nó a fháil ar chíos ar son íocaíochta.

4. Dréacht-Rialacha

Rialacha a bhaineann le Craoltóirí Teilifíse Tráchtála

1.1 Míreanna Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta

Ní sháróidh an t-am iomlán in aghaidh an lae le haghaidh míreanna fógraíochta agus teilishiopadóireachta uasmhéid de 20% den lá iomlán craoltóireachta.

In aon uair an chloig amháin ní sháróidh an t-ama thugtar do mhíreanna fógraíochta agus teilishiopadóireachta uasmhéid de 12 nóiméad.

1.2 Fuinneoga Teilishiopadóireachta

Beidh íosmhéid ama de 15 nóiméad gan bhriseadh ag fuinneoga teilishiopadóireachta.

Ach amháin i gcás cainéal féin-chur chun cinn agus cainéil a chaitheann a gcuid ama ar fad ar theilishiopadóireacht, beidh uasmhéid d'ocht bhfuinneog ar an líon fuinneoga teilishiopadóireachta in aghaidh an lae agus beidh uasmhéid de thrí uair an chloig ar an méid ama a cheadófar a chaitheamh ar theilishiopadóireacht.

Na Rialacha a bhaineann Craoltóirí Raidió Tráchtála

2.1 Míreanna Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta

Ní sháróidh an t-am ar fad a chaitear ar fhógraíocht a chraoladh uasmhéid de 15% den lá iomlán craoltóireachta. Ní shároidh an t-am a thugtar don bhfógraíocht in aon uair a chloig amháin uasmhéid de 10 nóiméad.

Na Rialacha a bhaineann le Raidió Pobail

3.1 Fógraíocht

Ní sháróidh an t-am a thugtar don bhfógraíocht in aon uair an chloig amháin uasmhéid de 6 nóiméad

Na Rialacha a bhaineann le Teilifís Pobail

4.1 Míreanna Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta s

Ní sháróidh an t-am a thugtar do mhíreanna fógraíochta agus teilishiopadóireachta in aon uair an chloig amháin uasmhéid de 6 nóiméad.

4.2 Fuinneoga Teilishiopadóireachta

Beidh íosmhéid ama gan bhriseadh de 15 nóiméad ag fuinneoga teilishiopadóireachta.

Beidh uasmhéid d'ocht bhfuinneog ar an líon fuinneoga teilishiopadóireachta in aghaidh an lae agus beidh uasmhéid de thrí uair an chloig ar an méid ama a cheadófar a chaitheamh ar theilishiopadóireacht.

Na Rialacha a bhaineann le Craoltóirí Raidió Institiúide agus Sealadacha

5.1 Ní cheadaítear do chraoltóirí ceadúnaithe de réir Alt 68 den Acht Craolacháin 2009 fógraíocht, teilishiopadóireacht san áireamh, a chraoladh.